

NÓRA

le
Diarmuid de Faoite
(c 2017)
Dréacht: 2



focailleile
|||l|

Co-funded by the
Creative Europe Programme
of the European Union



otherwords
|||l|

NÓRA

le
Diarmuid de Faoite
(c 2017)

Dréacht: 2



MÓR PHEARSANA:

Nóra Mharcuis Bhig Ní Nia / Helen
Marcus Beag Ó Nia
Bean Mharcuis (Máire Uí Nia)
Peadar Mharcuis Bhig
Pádraic Sheáin Mhaitiú (ábhar dochtúra gurb as an áit a mhuintir)
Tomás Mhichael an Ghabha, (naoi mbliana i nGníomh 1, ocht déag i nGníomh 111.)
An Sagart i Londain (An tAthair Mac Consaidín)
Molly (striapach)
Michael an Ghabha.

MION PHEARSANA:

An Sagart Áitiúil.
Mairéad Chóil Mhóir Ní Roighin
Sarah Mhichael an Ghabha,
Bid (máthair baiste Nora)
Beairtle, fear áitiúil.
Cáit Chóil Mhóir Ní Roighin, bean aimsire ag muintir Uí Nia

Comharsa 1, Bean

Comharsa 2, Bean

Comharsa 3, Fear

Maor

D1-6 (is carachtair éagsúla iad seo ag brath ar an radharc)

Buitléar

Fear Galánta

Fear Uasal (cliant)

Mairnéalach (cliant eile)

Usher

Pimp

Ann (Bean Phádraic Sheáin Mhaitiú)

A1-A4, pearsain éagsúla.



GNÍOMH 1

RÉAMHRADHARC

Tá Nóra (12mbliana) ina luí ar a leaba, braillín bhán uirthi, pilliúr.

GLÓRTHA PÁISTÍ:

Is a Nóra Bheag cá raibh tú aréir, sé dúirt mo Mhamaí liomsa
Ar chúl an tí ag tobar an uisce ag foghlaim coiscéim damhsa
Is um a Nóir is tú mo stór is um is tú mo ghrá geal
Is um a Nora is tú mo stór agus tá mise dúnta i ngrá leat

GLÓR NÓRA:

A Aingil cuimhdeachta, a Aingil Mhic Dé
Go gcuirfidh tú ar mo leas mé
Go sábháilfidh tú mé ar ghach uile olc
Go sábháilfidh tú mé, idir anam agus corp.

Soilse á múchadh ar an radharc. Cloistear an dara véarsa thíos agus cloistear clog an tséipéil. Lampa Sacristy lasta isteach.

GLÓRTHA PÁISTÍ:

Is a Nóra bheag cá raibh tú aréir, bhí mé i gcúl an gharraí
Cé a bhí agat féin ansin? An píobaire beag is a mhálaí
Is um a Nóir is tú mo stór is um is tú mo ghrá geal
Is um a Nora is tú mo stór agus tá mise dúnta i ngrá leat

RADHARC 1

BEAN MHARCUIS: Nóra, brostaigh ort in ainm Dé nó beidh muid déanach don chomhneartú.

Scáth: feictear athair agus máthair Nóra ar cúl. Ritheann Nóra, gléasta ina culaith comhneartaithe, isteach eatarthu agus os a gcomhair. Siúlann siad chun tosaigh agus déanann siad triúr coisreacain, feacadh glúine agus téann ar a nglúine ansin, fir taobh amháin, mná taobh eile.

Tagann an chuid eile den gcliar isteach ansin ina mbeirteanna agus déanann an rud céanna, cailín eile gléasta le haghaidh comhneartú. Tagann Pádraic Sheáin Mhaitiú isteach (ina bhuaicill fós ach gléasta níos fearr ná aon duine eile), Mac le Marcus, Peadar, an duine deireanach isteach roimh an sagart. Ní mó ná sásta atá Marcus.

MARCUS: Cá raibh tú?

PEADAR: Áit ar bith

Breathnaíonn Marcus air

Thuas ag an bpáirc

Stoil á chaitheamh ag an duine deireannach, an 'sagart', seasann gach éinne

MARCUS: Hata

Baineann Peadar a hata dhe

SAGART ÁITIÚL: Dominus vobiscum

POBAL: Et cum spiritu tuo.

Ar a nglúine arís.

SAGART ÁITIÚL: Confíteor Deo omnipoténti,

POBAL (+SAGART): beátæ Maríæ semper Vírgini, beáto Michaéli Archángelo, beáto Ioanni Baptístæ, sanctis Apóstolis Petro et Paulo,

D1: Nach bhfuil sí a breathnú go hálainn....

POBAL: Go hálainn ómnibus Sanctis, et vobis, fratres (tibi, Pater),

D2: Iad in inmhe mná anois, bail ó Dhia orthu.

POBAL: Ní bhíonn an tam i bhfad ag imeacht. quia peccávi nimis cogitatióne, verbo et ópere: (*ag bualadh cliabhraigh trí uaire*) mea culpa, mea culpa, mea máxima culpa.

D3: Níor spáráil Marcus an tairgead uirthi

D1: Tá sé aige le caitheamh

POBAL: Shaothraigh siad é Ideo precor beátam Maríam semper Vírginem, beátum Michaélem Archángelum, beátum Ioánnem Baptístam, sanctos Apóstolos Petrum et Paulum, omnes Sanctos, et vos, fratres. Guí ar mo shon, chun an Tiarna Dia.

Seasann gach éinne

SAGART ÁITIÚL: Go mbeannaí Dia uilechumhachtach sibh, Athair Mac agus Spioraid naomh

POBAL: Áiméin.

SAGART ÁITIÚL: Solemnia completa sunt in nomine Domine Nostri Iesu Christi votum nostrum sit acceptum cum pace

POBAL: Deo Gratias.

RADHARC 2

Fágann an sagart (baineann an stoil de agus athraíonn isteach go dtí an gabha. Fágann an pobal an séipéal ach amháin Nóra agus a máthair a bhí ar tí imeacht le Bid

BID: *Le Nóra. Ag cur páidrin isteach ina lámh. Nár cheap mé gur inné a bhí mé ag do bhaisteadh agus féach anois thú, comhneartú inniu! Bhuel, comghairdeachas ó chroí leat a stór, tá mé chomh bródúil céanna asat is go mba thú m'íníon féin. (Tugann sí barróg mhór di agus tosaíonn ag imeacht. Tugann Nóra faoi deara go bhfuil sí ag cur fola. Náire uirthi.*

NÓRA: A Mham...

MÁTHAIR: ... Céard. *(drogall ar Nóra tada a rá)* Céard é fhéin a leana?

NÓRA: Tá mé fliuch in íochtar

MÁTHAIR: céard?

(speáineann Nóra spota dearg ar a gúna di. Breathnaíonn a máthair thart ar eagla go bhfeicfeadh aon duine í. Tá Nóra scanraithe)

NÓRA: Céard é fhéin a Mham?

MÁTHAIR: Bid, gabh i leith anseo a'm. Tá sí tosaí ar a cúrsaí.
(Máthair agus Bid á clúdach is á seoladh abhaile í)

NÓRA: (ag imeacht) An bhfuil mé a cur fola?

MÁTHAIR: Bí ciúin, caithfidh tú dhul abhaile.

BID: An tádhd dearg a stór, sin é atá ort

Tugann a máthair drochshúil do Bhid

MÁTHAIR: Céard a bheadh fhios a'dsa faoi?

Fágtar Bid ina staic

MARCUS: Cén deifir atá oraibh?

BID: Ahm, bhuail laige í...

MARCUS: Cén sórt laige?

BID: Ní call dhuit aon imní bheith ort. Ceann de na rudaí sin. Tabharfaidh muid aire dhi.
(*leanann sí an bheirt eile amach*)

Tá Peadar(15), Marcus, Michael an Ghabha, iníon agus mac Mhichil (Sarah (12) agus Tomás (8) fágtha ar stáitse. Peadar mífhoighdeach.

MICHAEL AN GHABHA: Comghairdeachas leat a Mharcuis. Cé a cheapfadh go mbeadh an cailín is óige agaibh in inmhe mná anois, hah?

MARCUS: Hah?

GABHA: An comhneartú tá mé a rá

MARCUS: Ó Sea, sea. Go raibh maith a'd a Mhichael. Go raibh míle maith a'd. Agus comghairdeachas libh fhéin freisin, ar ndóigh. Nach aisteach mar a imíonn an tam?

GABHA: Nach ea. Cén chaoi a bhfuil ag éirí leis an leaid is sinne agaibh i nGaillimh, John nach b'é?

MARCUS: Sé. Go maith, go maith. Istigh i Tí Sonaí atá sé, printiseacht mhaith á fháil anois aige ar chuma ar bith.

GABHA: Tí Sonaí? B'shin an chaoi? Fuair tú áit mhaith dhó.

MARCUS: Bhuel, an dtuigeann tú, théis a chaith muid air le hoideachas, ní fiú é a chur amú ina dhiaidh sin. Agus ar m'anam ach go raibh bua na cainte riamh ag John sin a'ainne is tá sé in áit mhaith anois lena chleachtadh.

GABHA: Tá sé ráite a'd. Teanga mín a bhíonn ag an gceannaí siopa maith, ceart go leor. –

MARCUS: Sea...

GABHA: Sea. Agus ciall freisin, ar ndóigh.

MARCUS: Ar ndóigh.

GABHA: Ach ar ndóigh, ní thagann ciall roimh aois, a deirtear agus tá sé óg i gcónaí bail ó Dhia air. B'fhéidir go mbuailfidh tú síos a'm Dé Luain leis an roth cairte sin? (*lena iníon*) Fág seo. Rothaí móra an tsaoil a deir sé. (*stopann an gabha suas stáitse lena phíopa a líonadh*)

(*tosaíonn mac Mharcuis, Peadar, ag imeacht*)

MARCUS: Cén deifir atá anois ort?

PEADAR: Tá cluiche peile thuas sa bpáirc.

MARCUS: An bhfuil anois?

PEADAR: Tá.

MARCUS: Agus céard faoin mbó ghlas?

PEADAR: Nach bhfanfaidh sí?

MARCUS: Fanacht le breith? Cén sort leathcheann thú fhéin ar chor ar bith?

Tosaíonn Marcus ag imeacht. Stopann, Caitheann súil ar a mhac. Leanann Peadar go drogallach é.

MARCUS: Ná bac le tarraingt na gcos anois ach suas leat abhaile go beo.
Brúann Marcus ar aghaidh é Go beo a deir mé!

GABHA: *(ag faire air agus é ag imeacht)* Printíseacht, a deir sé. Printíseacht bladair agus óil cheapfainn.

RADHARC 3:

Roinnt blianta ina dhiaidh sin, Nóra, Sarah agus Mairéad Chóil Mhóir.

NÓRA: Cá ngabhfaidh muid?

MAIRÉAD : Beidh Sean Seán ag iarraidh dul isteach ar an oileán inniu, síneadh siar ar an bhféar agus cupla deoch a bheith aige.

NÓRA: Chomh fada is nach mbeidh sé ag iarraidh orainne síneadh síos ar an bhféar lena thaobh!

IAD TRIÚR: Yeeeuchhh!

MAIRÉAD: Ní bhainfinn póg as a bhéal siúd dá dtabharfá mála óir agam air!

SARAH: Bhain tú póg as béal Jack Mháirtín agus níl pingin rua aige!

MAIRÉAD: *(ionsaíonn sí an cailín eile)* Níor bhain mé!

SARAH: Bhain!

MAIRÉAD: Is nach mbíonn tusa ag pógadh do dheartháirín! Tá sé sin in aghaidh dlí Dé, bíodh fhios a'd.

SARAH: Ní bhíonn mé!

NÓRA: Sarah, chonaic muid tú.

MAIRÉAD: Cleachtadh a b'ea a bhí tú?

SARAH: Féadfaidh sibh dhul ag seoladh asaibh fhéin mar sin, a phaca striapaigh.

MAIRÉAD: Céard a thug tú orainn?

SARAH: Chuala tú mé. Striapaigh.

MAIRÉAD: Tóg ar ais é.

SARAH: Maith go leor, tógfaidh mé ar ais uaitse é ach maidir leatsa, a Nóra Mharcuis Bhig, an bhean a bhíonn ag sodar i ndiaidh fáinleoga an tsamhraidh..

NÓRA: Gabh mo leithscéal?

SARAH: Fáinleoga an tsamhraidh a dúirt mé,

NÓRA: Níl fhios a'm beo céard faoi a bhfuil tú a caint...

SARAH: Mar nár mhaith leat fios a fháil air. Tá fhios a'd go maith céard faoi a bhfuil mé a caint. Facthas tú faoin droichead. (*tosaíonn sí ag imeacht*) Shílfeá go dtabharfadh mac an dochtúra ag óstán í ach is dócha go bhfaighidh sé a chuid ar aon nós.

(*Troid, gruaig á tharraingt, Mairéad á stopadh*)

MAIRÉAD: Éirigí as, leagáí as in ainm Dé, níl muid ach théis faoistine.

NÓRA: Ise a thosaigh é.

SARAH: Stróic tú mo ghúna! *Ag sileadh deoir*. Ní bheidh mé ábalta é sin a fhuáil. Tá sé scriosta agat. Maróidh m'athair mé.

MAIRÉAD: Déanfaidh mise é a fhúáil dhuit, ní bheidh fhios ag an duine tada faoi.

SARAH: Beidh.

MAIRÉAD: Ní bheidh, nach mbíonn snáth agus snáthaid ag Mairéad an Táilliúra i gcónaí? Anois 'speáin dhom é. (*tosaíonn sí ag fúáil an ghúna*)

SARAH: (*pus uirthi i gcónaí*) Ní bhreathnóidh sé ceart agus stróicfidh sé arís.

MAIRÉAD: An bhfuil tú a dhul a caitheamh anuas ar mo chuid fuála anois, an bhfuilir? Cripes tá muid an dona inniu cibé céard tá orainn.

NÓRA: brothall an lae.

SARAH: (*faoina hanáil*) Nó dáir. (*Priocann Mairéad í leis an snáthaid d'aon ghnó.*) Ááh!

MAIRÉAD: A Pheacaí! Drúis agus saint! Ól agus ragairne! Meas tú nár cheart dhúinn dhul ag faoistin arís?

Gáiríonn siad

NÓRA: Ó a thiarcais ach is leor seanmóir amháin uaidh in aghaidh na seachtaine, tá mé a cheapadh agus ceann breise anuas ar sin uaidh sa mbosca faoistine. Scanródh sé bean rialta!

MAIRÉAD: Moladh a fuair mise uaidh!

NÓRA: agus páidrin iomlán le rá freisin chuirfinn geall.

MAIRÉAD: Ní hea ach deich gcinn acu, tá sé chomh maith a'm tosú anois orthu... 'Sé do bheatha a Mhuire....

Gáiríonn.

MAIRÉAD: Fan socair thusa.

SARAH: Ná cuir a gáirí mé, mar sin.

MÁTHAIR NÓRA: (*i bhfad uathu*) Nóra, a Nóra! Tá mé á do lorg le leath uair a chloig anuas. Caithfidh tú an phroinn a thabhairt suas ag d'athair agus do dheartháir sula gcaillfear leis an ocraas iad.

MAIRÉAD: Bhí sé de cheart a'ainn léimt ar bhord ghleiteog SheanSeán tá mé a cheapadh nuair a bhí an fhaill sin a'ainn.

SARAH: Seoladh linn go Sasana

MAIRÉAD: Nó Meiriceá

NÓRA: Nó Glaschú.

MÁTHAIR NÓRA: Nóra, an gcloiseann tú mé a glaoch ort?

NÓRA: *Meangadh uirthi.* Ag teacht!

SARAH: Nár dhúirt mé leat é!

priocann Mairéad arís í. Áah!

Tagann Tomás Mhichil i láthair.

TM: Tá tú a teastáil

SARAH: Teastáil le haghaidh céard?

TM: Deaid á do iarraidh.

SARAH: Lá eile curtha amú ag freastal ar fir

NÓRA: *meangadh uirthi Agus oíche. Imíonn sí.*

Iad ag stánadh ar a chéile.

MAIRÉAD: Tá mé beagnach réidh.

TM ag crochadh thart ag fanacht lena dheirfiúr. Tugann sé an fuáil faoi dearadh. Breathnaíonn siad beirt air.

MAIRÉAD + SARAH: Ní fhaca tú tada.

SARAH: An gcloiseann tú mé?

Sleamhnaíonn sé amach, imíonn na cailíní.

RADHARC 4

Tá Marcus agus a mhac, Peadar, ag tógáil clái. Peadar faoi dheifir.

MARCUS: Céard tá tú a dhéanamh? Ar ndóigh, titfidh sé sin. . Níl aon mhaith leis. Caithfidh tú tosú arís.

PEADAR (*oibríthe, ach tosaíonn sé arís*)

MARCUS: Agus coinnigh díreach é in ainm Dé. (*sos*) An bhfuil tú ag éisteacht liom ar chor ar bith? Breathnaigh, seas siar ansin. (*tugann sé cic don bhalla mar ó dhia agus titeann sé*) Cén mhaith é sin, hah? Cén mhaith? Ar ndóigh dá gcuimleodh bó í fhéin in aghaidh an chuid sin de bhalla a'd thitfeadh sé ort. Tá an lá á chur amú a'd orainn... Céard tá ort, hah? Pus ort i gcónaí mar gheall ar an gcluiche sin an bhfuil?

PEADAR: Tá áit a'm ar an bhfoireann

MARCUS: Tá agus tá áit anseo a'd freisin is dá mbeadh tú níos cúramaí anseo cá bhfios nach mbeadh tú ag imirt inniu?

PEADAR: Cén chaoi an féidir liom dhul ag imirt agus tusa ag leagan claíochaí orm!

MARCUS: Mise a leagan claíochaí ort? Ní claí a bhí tógtha ansin a'd ach carn cloch. Ní stopfadh sé lao ó dhul amach ar an mbóthar ná bac le bullán. Breathnaigh thusa. Breathnaigh. Breathnaigh thimpeall ort féin. Cé acu an bhfuil na páirceannaí is glaise thart anseo? Cé? An bhfeiceann tú an draenáil atá déanta a'ainn. An bhfeiceann? An bhfeiceann tú aon luachra thart, an bhfeiceann?

PEADAR: Ní fheiceann

MARCUS: Agus an bhfuil fhios agad cén fáth nach bhfeiceann?

PEADAR: Allas na gcnámh

MARCUS: Allas na gcnámh. Agus an bhfuil fhios a'd cén fáth?

PEADAR: Ar mhaithe linne

MARCUS: Ar mhaithe leatsa agus ar mhaithe le do dheirfiúracha agus ní ar mhaithe leis an deartháir sin a'd a mhúnadh suas le balla é. Tosaigh arís!
Arm Shasana, go deimhin, an t-aon dream a thógfadh an druncéara sin. Agus an bhfuil tusa ag iarraidh críochnú suas cosúil leis siúd, hah? Nach dtuigeann tú gur ar mhaithe leat atá mé? Dhá scór acra de thogha na talún atá anseo ag muintir Niaidh. Togha na talún. Nílím ach ag iarraidh ort an cheird a fhoghlaim i gceart agus féadfaidh tú bheith ag imirt peile ansin go lá an Luain.

PEADAR: Ní choinneoidh mé m'áit ar an bhfoireann muna mbím ann..

MARCUS: Breathnaigh a mhac, Ní choinneoidh tú feilm muna mbíonn tú ann ach an oiread. Leath acu sin thuas ansin caitheann siad an lá thuas ag an bpáirc agus an oíche i dteach an óil. Ní féar atá siad siúd a fás ina gcuid garrantaí ach luachra agus nuair a chaillfidh siad an spreac iontu féin ní bheidh peil ná talamh acu mar go mbeidh sé ólta acu. Meas tú cé as a dtáinig na hacraí breise seo a'ainn, ha? (sos) Freagair mé.

PEADAR: Allas na gcnámh.

MARCUS: Ó dhearthair Mhichil an Ghabha a cailleadh go tobann cúig bhliana ó shin, go ndéana Dia grásta air. D'ól sé é, chuile acra dhe. Agus fuair muide é, sea, le hallas na gcnámh. Agus tá cuma níos fearr anois ar an áit ná mar a bhí riamh nuair ba le na Michaels é. Agus ná bí a cheapadh nach gcloisim an chúlchaint. Tú a cheapadh nach bhfuil meas acu orainn? Meas uilig é agus an bhfuil fhios agad cén chaoi a bhfuil fhios agam é? Mar go bhfuil siad ite le héad, mar go bhfuil náire orthu agus b'fhearr leo go mór fada muid a bheith thuas i dteach an óil in éindí leo seachas muide bheith thíos anseo á náiriú leis an méid atá muid in ann a dhéanamh. Bíodh meas a'd ort fhéin a dhuine. Anois, críochnaimís an balla sula bhfaigheann sé dorcha in ainm Dé is beidh peil arís ann.

Déanann Peadar iarracht tosú ar an obair arís ach cailleann sé guaim air fhéin, é beagnach a caoineadh. Téann chun imeacht.

MARCUS: Cá bhfuil tusa a dhul, hah? M'anam nach bhfuil mise a dhul á chríochnú dhuit. Tar ar ais anseo!

Tagann Máthair Nora ar an láthair

MÁTHAIR: Sibh críochnaithe an bhfuil? Cá bhfuil tú a dhul?

PEADAR: Go Meiriceá (*imíonn*)

MARCUS: Meiriceá? Níl do dhóthain idir an dá chluais a'dsa a thabharfadh chomh fada le Gaillimh tú.

MÁTHAIR: A Mharcuis.

MARCUS: Céard? Meas tú cá bhfuair muid iad, hah? Cá bhfuair muid iad?

Tá sé an oibrithe. Máthair gortaithe ach ní dheireann sí tada.

MÁTHAIR: Rinne mé blogam tae agus scónanna le sibh a choinneáil ag imeacht. Shíl mé go gcoinneodh sibh oraibh déanach leis an aimsir bhreá atá a'ainn.

Sos

MARCUS: Coinneoidh freisin.

Cromann sé ar an obair arís. Leagann Maire an ciseán síos, fanann sí tamaillín. Soilse síos.

RADHARC 5

Oíche. Tá Tomás Mhichilín (8-9 mbliana) suite. Cloiseann sé Nóra ag teacht agus téann i bhfolach. Tá Nóra ag an droichead. Díomá uirthi nach bhfuil aon duine ann roimpi. Níor mhaith léi go bhfeicfí ann í ag an am céanna. Tagann Patrick Sheáin Mhaitiú amach as an áit ina raibh sé i bhfolach. Baineann sé preab aisti.

NÓRA: *scanraithe. Ó a mhaighdin! Cá..*

PATRICK. *Tuigeann sé go bhfuil geit cheart bainte aisti. Tá sé ceart go leor, tá tú togha. Tá brón orm*

NÓRA: *nuair nach raibh tú anseo...*

PATRICK: *Ná habair gur cheap tú go bhfágfainn bean álainn cosúil leatsa ag fanacht orm, ar cheap?*

NÓRA: ‘ stopfaidh tú

PATRICK: Ní mar mhagadh atáim ar chor ar bith. Tá mé anseo! Agus tá tusa anseo. B’fhearr liom bheith anseo in éindí leat ná áit ar bith eile ar domhan. An siúlfaidh muid cois abhainn píosa?

Nóra: (*idir chúthaileacht agus dánacht*) Má thugann tú póg dom i dtosach le mo chuid néaróga a shuaimhniú...

Patrick: (*ag breathnú thart*) Anseo?

Nóra: (*ag déanamh súile i dtreo áirse an droichid*).

Patrick: Tabharfad, agus deich gcinn.

Beireann sé lámh uirthi agus imíonn siad beagnach as amharc. Tugann sé póg di. Freagraíonn a corp dhó.

Nóra: An bhfuil tú cinnte?

Patrick : Go bhfuil mé ag iarraidh bheith leat? Ar ndóigh nach bhfuil fhios agat go bhfuil (*déanann sé iarracht í a phógadh arís*) tugann sí ceannaín beag dó.

Nóra: Tá brón orm. Bhí mé neirbhíseach.

Patrick: Ó a Nóra, ná bí neirbhíseach. *Canann* Is um a Nóra is tú mo stór is um is tú mo ghrá geal (*ag pógadh a muiníl anois*) is um a Nóra is tú mo stór...agus tá mise...

Nóra: (*gáiríonn sí le dúil*)

Patrick: (*ag méarachán léi*) Tic teaic tú, péire bróga nú

Nóra: Stop! Tá tú a cur dinglis orm.

Patrick. Ó féach! Cáithníní ort!

Éalaíonn Nóra óna chuid iarrachtaí agus ritheann píosa beag uaidh. Suíonn. Súíonn sé lena taobh. Tugann sí póg beag éadrom dó. Ag díriú a méir i dtreo na spéire.

Nóra: Céard a thug tú ar an dornán réalta sin arís? Na deirfiúracha an iad?

Patrick: Sin iad iad. Seachtar acu a gcreidfeá? Iad ar fad thuas ansin a cabaireacht lena chéile.

NÓRA: Meas tú nach réitíonn siad togha lena chéile? Breathnaíonn siad breá socair thuas ansin.

PATRICK: Ach dá gcloisfeá iad....pssh...wisssh wisssh...ó ar chuala tú céard a rinne Orion inné agus é amuigh ag fiach? Nár chaith sé saghad le hUrsa Major agus bhuaile sa tóin é.

NÓRA: *gáiríonn* Cá bhfuil Orion arís?

PATRICK: Right, an bhfeiceann tú mar a bheadh rectangle ansin soir ó dheas, aon dó trí ceathair, agus tá trí réalta ansin ina lár ar diagonal mar a déarfá

NÓRA: Daidh aingeal?

PATRICK: Diagonal. Mar seo seachas mar sin. Slat Orion a thugann siad air.

NÓRA: *gáiríonn*. An ea?

PATRICK: Sea!

NÓRA: Ó a thiarcais, feicim é , tá ceann mór aige nach bhfuil?

PATRICK: Mór millteach, go háirithe nuair a chuireann tú san áireamh cé chomh fada uaidh is atá muid! agus sin iad a chuid lámha ansin...

NÓRA: ... feicim é, saighdiúr!

PATRICK: Saighdiúr, go díreach. *Déanann comhartha saighdiúra (ag caitheamh saighid.)*

NÓRA: *(ag féachaint idir Patrick agus an spéir)* Ní bhreathnóidh mé go deo ar an spéir ar an gcaoi chéanna arís. Tá céad agus míle scéal agus eachtra thuas ann

PATRICK: Tá. Saol agus saolta eile.

NÓRA: An bhfuil tú ag súil leis an saol thall arís?

PATRICK: I nGlaschú? B'fhéarr liom fanacht anseo leatsa. Ach dá mbeifeá i nGlaschú in éindí liom, dá bhfeicfeá an áit a Nóra! Ní chreidfeá ach na foirgnimh agus na daoine atá thall. Tagann siad as chuile áit. An foirgneamh ina mbímse ag staidéar ann, nuair a bhím ag staidéar, tá sé cúig stór ar airde, samhlaigh.

NÓRA: Ní fhaca mise tada níos airde riamh ná an séipéal atá anseo a'ainn. Bhuel, bhí mé ar an gClochán uair amháin le m'athair. An bhfuil na tithe sin trí nó ceithre stór in airde?

PATRICK: Níl iontu sin ach rudaí beaga. Tá foirgnimh thall atá chomh mór le sráid iomlán ar an gClochán.

NÓRA: Stopfaidh tú

PATRICK: Sin í an fhírinne, iad déanta as blocanna mór clocha ghainimh

NÓRA: Cloch ghainimh?

PATRICK: Sea, sin é an cinéal cloch atá acu thall. Níl sé chomh cruá leis an eibhear atá anseo agaibh is tá sé i bhfad níos éasca bheith ag tógáil leis agus a bhreacadh ina dhiaidh sin. Dá bhfeicfeá an ornáidíocht! Spirals, agus buttresses agus gargoyles

NÓRA: Níl fhios am beo céard tá tú a rá anois

PATRICK: Maisiú, dealbha, íomhánna greannta i gcloch, saighdiúir, maighdeanacha leathnocht

NÓRA: Leath nocht?

PATRICK: Leath nocht. Ní chuireann rudaí mar sin isteach ná amach orthu. Maith an rud nach gcuireann nuair atá duine ag déanamh staidéar ar an anatomy an dtuigeann tú?

NÓRA: D'ínis tú an ceann sin dom cheana: corp eolas ab ea?

PATRICK: Sea.

NÓRA: Mar ábhar staidéir?

PATRICK: Sea.

NÓRA: Ábhar staidéara mé mar sin ab ea?

Beagán díomá air.

Tá brón orm. Tá fhios a'm nach b'ea. Níl ann ach go mbíonn na scorracha thart anseo ag iarraidh bheith a crúbáil i gcónaí. Peil nó cíoch, caitheadh siad bheith ag breith ar rud eicint.

PATRICK: D'fhéadfadh siad bheith a déanamh rudaí níos measa.

NÓRA: *gáiríonn* Tá fhios a'm, ach níl fhios a'm céard tá orm. Tá tú ag imeacht a Phatrick agus, bhuel, tá fhios a'm go mbeidh tú thart arís don Nollaig ach. *Caitheann sí a lámha timpeall air.* Aireoidh mé uaim tú, Níl duine ar bith cosúil leat thart anseo.

PATRICK: Níl duine ar bith cosúil leatsa thall.

NÓRA: Neart ban thall a Phatrick, tá mé cinnte.

PATRICK: Tá, ach níl tusa ann.

Pógann siad

PATRICK: Fan go bhfeicfidh tú an teach a bheas againn nuair a bheas mé cáilithe, dhá cholún ornáideach chaon taobh, dealbha ag fáiltiú roimh chuariteoirí

NÓRA: Gan stitch orthu ar ndóigh

PATRICK: Ar ndóigh. Staighre mór marmair ag árdú ar chlé agus ar dheis suas go dtí na seomraí leapan, study agam féin le cigar agus brandy ann.

NÓRA: Seegar?

PATRICK: Todóg mór as Havana.

NÓRA: Todóg anois aige, by dad. Cé chomh mór?

PATRICK: Chomh mór leis sin.

NÓRA: Chomh mór leis sin? Meas tú nach gcaithfidh bean an dochtúra bheith ag foghlaim faoi na todóga mhóra?

PATRICK: níl siad go maith do do shláinte.

NÓRA: Nach bhfuil anois? *Cuimlions sí é.* Corp eolas. Ach má cheapann an dochtúir nach bhfuil siad go maith do mo shláinte, meas tú nár cheart dom éirí as?

PATRICK: Níor cheart.

NÓRA: Nár cheart?

PATRICK: Níor cheart.

NÓRA: Cé nach bhfuil siad go maith don tsláinte?

PATRICK: Chomh fada is nach lasann tú é

NÓRA: Cén chaoi a ndéantar iad a lasadh?

PATRICK: Ar an gcaoi sin.

NÓRA: *Stopann sí.* Céard tá mé a dhéanamh. Sílfidh tú gur striapach mé. Ó tá brón orm, níl fhios agam céard tá orm. *Seasann. Díríonn a cuid éadaí.*

Beireann sé ar lámh uirthi.

PATRICK: Nóra. Níl muid a déanamh tada as bealach.

NÓRA: Ní cheart dhúinn bheith ag suirí mar seo, tá sé in aghaidh dlíthe dé.

PATRICK: Ab'shin an sagart, d'athair nó tusa a caint?

NÓRA: *imíonn uaidh. Breathnú ar na réalta. Sos*
Níl an Nollaig i bhfad uainn dháiríre.

PATRICK: Ní bheidh mé thart don Nollaig. (*preab bainte as Nóra*)
Ní bheidh a Nóra. Seod í an bhliain dheireanach agam. Caithfidh mé beagán staidéir a dhéanamh nó teipfidh siad mé. 'An té a chuireann san earrach'...

NÓRA: Ó ná habair! Sin a bhíos ag m'athair i gcónaí. An té a chuireann san earrach bainfidh sé sa bhfómhar. Cur agus baint. Allas na gcnámh.

PATRICK: Caithfidh mé beagán oibre a dhéanamh, sin uile atá mé a rá.

NÓRA: Tuigim, níl ann ach nach raibh súil a'm leis. Anuraidh...

PATRICK: Ní raibh mé ar an mbliain dheireanach anuraidh.
sos

NÓRA: Bliain a deir tú

PATRICK: Sin a thógfaidh sé, go mbeidh mé cáilithe.

NÓRA: Bhuel, a Phatrick Sheáin Mhaitiú, b'fherr dhuit do chuid staidéir a dhéanamh nó ní bean an dochtúra a bheas ionamsa ach bean mhic an dochtúra is ní dhéanfadh sé sin cúis ar chor ar bith!

PATRICK: Nach ortsa atá an téirí in áirde

NÓRA: Tá mé a cheapadh gur ortsa atá sé

PATRICK: Céard

NÓRA: An téirí in áirde (*cuimlíonn sí é*)

PATRICK: Is fada an tachtar é

NÓRA: Is fada. *Teagmhálann siad lena chéile*. Ró fhada. Níor mhór dhuit fios bheith agat go mbeadh bronntanas deas ag fanacht leat théis an achair sin.

PATRICK: Nach mbeidh an chéim agam?

NÓRA: Beidh, agus rud eile freisin.

PATRICK: Cén rud?

NÓRA: Mise. Luigh siar.

PATRICK: Cén áit?

NÓRA: Ansin. Sa bhféar suaithinseach.

PATRICK: Féar suaithinseach?

Eisean ina luí, ise ag suí air.

NÓRA: Fáinne draíochta. paiste rince na sí.

Feictear Tomás Mhichil ag breathnú orthu.

NÓRA: An bhfuil an todóg sin méadaithe arís nó an orm fhéin atá sé?

PATRICK: Mar gheall ort fhéin atá sé

NÓRA: Bhuel, caithfidh bean an dochtúra bheith ag foghlaim faoi na seegars anois nach gcaithfidh?

PATRICK: Is dócha go gcaithfidh. A Nóra a chroí, is tú an... b'fhearr liom tú na Éire

NÓRA: Agus Alba

PATRICK: Agus Alba.

NÓRA: Curtha le chéile

Soilse síos. Tomás Mhichil ag faire. Exeunt.

RADHARC 6

Lampa sacristy isteach. Isteach leis na haisteoirí, coisreacain, feacadh glúine srl. Mná ar thaobh amháin, fir ar an taobh eile.

D1: Meas tú cá bhfuil Peadar Mharcuis?

SAGART ÁITIÚL: Confíteor Deo omnipoténti,

POBAL (+SAGART): beátæ Maríæ semper Vírgini, beáto Michaéli Archángelo, beáto Ioanni Baptístæ, sanctis Apóstolis Petro et Paulo,

D2: Nár chuala tú an scéal?

D1: Níor chuala.

POBAL: omnibus Sanctis, et vobis, fratres (tibi, Pater),

D2: Ghlan Peadar leis théis an aonaigh in Uachtar Árd

D3: An dara duine acu?

POBAL: Árd quia peccávi nimis cogitátíone, verbo et ópere:

D2: Luach dhá bhullán ina phócaí aige

POBAL: mea culpa,

D1: Dhá bhullán

POBAL: mea culpa,

D2: Ina phócaí aige

POBAL: mea máxima culpa.

D3: Agus an mac is sinne

POBAL: Ideo precor beátam Maríam semper Vírginem, beátum Michaélem Archángelum,

D3: Michael Mharcuis , nár briseadh as a phost é,

D2: briseadh,

D1: briseadh,

D1-3: briseadh as a phost é

POBAL: beátum Ioánnem Baptístam,

D1- 3: I ngeall ar an ól

POBAL: Ól sanctos Apóstolos Petrum et Paulum,

D2: D'eile?

D1: D'eile?

D2: Ól

D1: Ól

POBAL: omnes Sanctos, et vos, fratres Ól

D1: Leis an arm gallda atá sé anois

D3: An taon dream a thógfadh é

D2: Dhá bhullán

SAGART: Guí ar mo shon chun an Tiarna Dia

D2: Scabhaitéir (*Tugann Marcus agus gach éinne an focal deireanach seo faoi deara*)

POBAL: Áiméan.

Seasann gach éinne. Tá deireadh an Aifrinn tagtha.

Solemnia completa sunt in nomine Domine Nostri Iesu Christi votum nostrum sit acceptum cum pace

Gach duine: Deo gratias

RADHARC 7

Imíonn an sagart agus an pobail ach fágtar Marcus, Nóra agus a bhean ar stáitse, Imíonn an lampa sacraistí, téann siad ar a nglúine, paidríní ina lámha acu, athrú soluis, mar a bheadh siad ag guí sa bhaile, ar a nglúine. Deireadh na Corónach Mhuire:

MARCUS: ...tabhair dúinn, achnaímíd ort, do ghrásta, ionas ag machnamh dúinn ar mhistéiribh seo na Corónach Mhuire, go dtiocfadh linn do thoil naofa a dhéanamh agus an t-aoibhneas síoraí sin a shroichint, trí Iosa Críost ár dTiarna.

NÓRA + MÁTHAIR: Áiméan.

Coisreacain. Tá fíbín ar Nóra, ritheann sí isteach ina seomra. Tógann sí an bráillín ón a leaba, leagan amach ar an urlár é, faigheann peann agus páipéar agus tosaíonn a scríobh litir.

NÓRA: A Phatrick Sheáin Mhaitiú, a chroí, cén chaoi a bhfuil an staidéar a dhul dhuit? An corp eolas tá mé ag rá. Ná bac leis an seegar anois go mbeidh tú réidh leis na leabhair. 'Stopfaidh tú.

Máthair agus athair astu féin. Míchompórd. Sos.

MARCUS: Caithfidh mé súil a chaitheamh ar an mbó

BEAN MHARCUIS (MÁIRE): Níl sí réidh le breith fós

MARCUS: Cá bhfios duit?

Saghas aiféal ansin air go raibh sé géar léi. Téann Máire anonn chuige.

Chuala tú inniu iad?

BEAN MHARCUIS: Deacair gan iad a chloisteáil.

ATHAIR: Staicíní áiféise muid

BEAN MHARCUIS: Aireoidh mé uaim é.

ATHAIR: Ní fearr ann ná as é

BEAN MHARCUIS: Cé acu?

sos

MARCUS: An scabhaitéir.

druideann sí amach uaidh. Sos.

Théis a rinne muid dóibh. Ba bheag é a mbuíochas.

(ní fhreagraíonn sí é)

Tá muid náirithe acu.

BEAN MHARCUIS: Nach bhfuil fhios a'm go bhfuil ach a' stopfaidh tú á rá, maith an fear? Le do thoil?

Sos

MARCUS: An gadaí bradach. Tá fhios a'm. Tá fhios a'm.

Cloistear Nóra óna seomra ag crónán cuid den amhrán Wild Mountain Thyme nó leagan tapaidh de Loch Lomond.

Sos. Imní ar Bhean Mharcuis.

MARCUS: Is olc an ghaoth nach séideann do dhuine eicint is dóigh.

BEAN MHARCUIS: Céard tá i gceist a'd?

MARCUS: Nóra.

Sos

BEAN MHARCUIS: Agus céard faoi Bhríd?

MARCUS: Nach bhfuil a saol fhéin ag Bríd anois thall i Sasana? Ní cheapfainn go mbeidh sí ag filleadh.

BEAN MHARCUIS: Cé a cheapfadh agus ceathrar gasúir a’ainn go mbeadh an nead tréigthí chomh sciopthaí sin?

MARCUS: Cá bhfios nach mbeidh ál nua go luath ann?

Breathnaíonn Bean Mharcuís ar a fear

Ar ndóigh, níl mac feilméara ná ceannaí siopa i bhfoisceacht scór míle dín nach mbeadh sásta agus lán-tsásta Nóra a phósadh. Hah? Nár tháinig beirt á hiarraidh anuraidh?

BEAN MHARCUIS: Cailín lách geanúil í ceart go leor.

MARCUS: Níl a sárú sa bparóiste seo. Agus dhá scór acra de thogha na talún a dhul léi freisin. Is beag an imní a chuirfidh an bheirt eile sin orainn feasta, tá mise á rá leat.

Téann sé chun imeachta.

Sea, by dad. Tá Dia láidir agus máthair mhaith aige.

Tá an litir críochnaithe ag Nóra faoi seo.

BEAN MHARCUIS: Cá bhfuil tú a dhul anois?

MARCUS: Ag breathnú ar an mbó sin, d’eile?

Fágтар bean Mharcuís aisti féin, í trína chéile. Sos.

Ina seomra tá Nóra ag féachaint ar an litir agus ansin ar an mbráillín. Léann sí ‘an bráillín’:

NÓRA: Mr. Patrick Ó Malley, The Faculty of Medicine, University of Glasgow, Scotland. Tá sé i gceart a’d an uair seo ar chuma ar bith. Bhí sé i gceart a’m an uair dheireanach. Ní raibh. Caithfidh sé nach raibh.

Piocann sí suas an bráillín agus feiceann muid gur dealramh clúdaigh litrieach atá air, seoladh, ‘stampa’ srl.

Peannaireacht álainn. *(go páistiúil)* go raibh maith agat.

Filleann sí í féin go dlúth sa bhráillín.

Ó a Phatrick Sheáin Mhaitiú oscail an clúdach go bhfeicfidh tú céard a thug fear a phoist chugat. *Osclaíonn go drámatúil.* Da dam!

Meas tú nár chuir mé stampa air? *Seiceáileann.* Ceart go leor, seod é é. Tá muid réidh.

Filleann sí an bráillín go cúramach nó go bhfuil sé beagnach chomh beag le clúdach litreach agus cuireann an litir fhéin isteach ann.

Sa chistineach, tógann a máthair litir as póca a naprúin, féachann air.

Déanann Nora an litir a shéalú le póg. Fáisceann lena brollach ansin é ach tugann faoi deara go bhfuil a cíocha beagán tinn.

A fhear a phoist, ná lig síos arís mé nó beidh mé a scríobh litir gearáin chuig an mBanríon sin agaibh.

Tagann Nóra aniar as an tseomra, litir ina lámh aici le cur sa phost. Cuireann a máthair an litir atá aici féin i bhfolach.

BEAN MHARCUIS: Cá bhfuil tusa a dhul?

NÓRA: 'ig an bposta.

BEAN MHARCUIS: AN mbeidh tusa tú fhéin ag glacadh sciatháin, a Nóra, an mbeidh?

NÓRA: *Cuireann sí a lámha timpeall ar a máthair.* Tá pleananna móra agamsa a Mhamaí.

BEAN MHARCUIS: Tá mé i ndáiríre.

NÓRA: Tá agus mise, tá mé a dhul pálás a thógáil anseo dhúinn as cloch ghainimh, maisithe le dealbha agus chuile shórt.

BEAN MHARCUIS: Cloch ghainimh? B'fhéidir nach bhfuil tú bailí leis an gcuid eile ach tá tú bailí bealach eicint eile tá mé a cheapadh.

NÓRA: B'fhéidir go bhfuil agus b'fhéidir nach bhfuil agus tá an triú bfhéidir freisin ann! Ó a Mhama, beidh chuile shórt togha.

Sos

BEAN MHARCUIS: Cloch ghainimh a deir tú?

NÓRA: Sea, le dealbha.

BEAN MHARCUIS: Tú a dhul a tógáil séipéil dhúinn nó céard?

NÓRA: Ní hea ach pálás a mhama, pálás!

Imíonn Nóra amach, tógann a máthair an litir as a póca arís. Níl fhios aici céard le déanamh

BEAN MHARCUIS: Ó a Dhia, cabhraigh liom.

Iompaíonn sí i dtreo an bhealaigh amach a bhí ag Nóra. Féachann ar an litir, féachann suas.

RADHARC 8

Tagann ceathrar isteach ag iompar an bhráillín oscailte, é ag eitilt ar an ngaoth, Nóra á leanacht.

GACH DUINE:

Dún do shúil, a rún mo chroí
A chuid den tsaol, 's a ghrá liom
Dún do shúil, a rún mo chroí
Agus gheobhair feirín amárach

Tá do dheaid ag teacht gan mhoill ón gcnoc
Agus cearca fraoich ar láimh leis
Agus codail go ciúin 'do luí sa choid
Agus gheobhair feirín amárach

*Clúdaítear Nóra leis an mbráillín. Í ina luí ar an talamh agus an bráillín á clúdach go hiomlán.
Tugtar faoi deara go bhfuil 'Not at this address' scríofa air.
Na haisteoirí ag crónán an fhoinn ansin thairis an méid thíos:*

D1: Litir anseo duit a Nóra

D2: A seoladh ar ais (*ligtear do litir titim uirthi*)

D3: Litir eile anseo duit

D4: A seoladh ar ais (*ligtear do litir titim uirthi*)

MÁTHAIR: Agus tá ceann eile anseo, a seoladh ar ais. (*ligeann sí don litir titim uirthi*)

Déanann na haisteoirí í a mhúirniú.

D1: A Nóra bheag

D2: Cá raibh tú aréir?

D3: Cé a bhí agat fhéin ansin?

D4: Ag foghlaim céard?

Filleann a hathair (Marcus)

GACH DUINE: (*seachas Nóra*)

Tá do dheaid ag teacht gan mhoill ón gcnoc

Agus cearca fraoich ar láimh leis

Agus codail go ciúin 'do luí sa choid

Agus gheobhair feirín amárach

Scréachann Nóra, casann a Máthair agus a hAthair suas stáitse ag an am céanna.

Tarraingíonn na haisteoirí eile an bráillín dhi agus imíonn siad; tagann múisc ar Nóra.

Déanann sí iarracht í féin a ghlanadh suas roinnt. Iompaíonn an tathair thart:

RADHARC 9

MARCUS: Tá tú céard?

NÓRA: 'Dhul go Sasana

MÁTHAIR (*iompaíonn thart*) 'Dhul go Sasana?

NORA: 'Sea

MARCUS: An bhfuil tú as do mheabhair nó céard? Níl tú a dhul go Sasana is ná bí a magadh fúinn anois

NÓRA: Ní magadh ar bith é. Tá mé a dhul go Sasana

MARCUS: Dhera cén sifeal ata ort? Cuairt a thabhairt ar do dheirfiúr ab ea?

NÓRA: Ní hea.

MARCUS: Ag magadh fúinn atá sí.

NÓRA: Ní magadh ar bith é. Tá mé ag dhul go Sasana.

Marcus: Ach tuige?

NÓRA: Tuige?

MARCUS: Sea Tuige?

NORA: Athrú saoil

MARCUS: Athrú saoil

BEAN MHARCUIS: Dfhéadfá athrú saoil a bheith anseo a'd freisin, dfhéadfá sin

MARCUS: Is nach bhfuil sé éasca do shaol a athrú

BEAN MHARCUIS: Ar ndóigh dá bpósfá anseo nach mbeadh athruithe móra in ann dhuit agus bheadh ríméad orainn, bheadh

MARCUS: Bheadh

BEAN MHARCUIS: Orm fhéin agus ar d' athair

NORA: Nílím ag iarraidh pósadh

MARCUS: Níl tú ag iarraidh pósadh?

BEAN MHARCUIS: Níl tú ag iarraidh pósadh is céard eile a dhéanfá leat fhéin agus dhá fhichead acra ag dhul leat má bhíonn ciall a'd?

NÓRA: A dhul liom?

MARCUS: Sea, a Nóra, ar ndóigh, níl tada níos mó a thaithneodh le do mháthair is mé fhéin ná go bhaighfeá fear maith dhuit fhéin, agus déanfaidh muide cinnte go bhfaighidh agus nach mbeidh an talamh is a bhfuil ann agaibh nuair a chaillfear muid?

(ag 'pacáil' mar ó Dhia, nó a glanadh a spás féin)

NÓRA: Céard faoi na buachaillí?

MARCUS: Ná cuire na buachaillí sin imní ar bith ort théis a rinne siad orainn. Ní fearr ann ná as iad, ach a Nóra a chuid, is tú ár gcailín is óige, ár seóidín, nach bhfuil fhios a'd go maith nach bhfuil uainn ach an chuid is fearr dhuit?

NÓRA: Is nach shin atá mise ag iarraidh dhom fhéin

MARCUS: Ní bhfaighidh tú thall é

NÓRA: Cá bhfios duit?

MARCUS: Mar gur anseo atá sé

NÓRA: Tú a dhul Bríd a ghearradh amach as freisin, an bhfuil?

MARCUS: Tabharfaidh muide aire do Bhríd ach tá Bríd thall agus a saol fhéin ansin aici

NÓRA: Sin atá uaimse freisin

MARCUS: Ach cé a thabharfas aire don bhfeirm? É a dhíol ab ea? An fheilm is fearr agus sa bparóiste seo. Na blianta atá caite a’ainn le hallas na matán sna garrantaí sin. Blianta crua.
Sos. Lena bhean ansin: Tú a dhul tada a rá a bhfuil?

BEAN MHARCUIS: Éist le d’athair a Nóra, tá an ceart aige.

Cloistear clog an tséipéil Bogann siad. Aifreann tapaidh é seo. Ní thagann an lampa sacraistí isteach.

SAGART: Confíteor Deo omnipoténti,

POBAL: beátæ Maríæ semper Vírgini, beáto Michaéli Archángelo, beáto Ioanni Baptístæ, sanctis Apóstolis Petro et Paulo,

D1: Ach meas tú cén ealaíón atá uirthi go bhfuil sí ag iarraidh imeacht?

D2: Caithfidh sé nach bhfuil slí mhaith aici sa mbaile.

POBAL: ómnibus Sanctis, et vobis, fratres (tibi, Pater),

D3: Tháinig triúr á hiarraidh anuraidh.

POBAL: Triúr quia peccávi nimis cogitatióne, verbo et ópere: mea culpa,

D1: triúr?

POBAL: mea culpa,

D2: triúr?

POBAL: mea máxima culpa.

D3: Triúr a raibh cáil mhór orthu ar airgead freisin.

POBAL: Ideo precor beátam Maríam semper Vírginem

SAGART: Go ndéana Dia uilechumhachtach trócaire orainn, go maithe sé ár bpeacaí dúinn, agus go dtreoraí sé chun na beatha sioraí sinn.

POBAL: Áméin.

Seasann gach éinne

SAGART ÁITIÚL: Solemnia completa sunt in nomine Domine Nostri Iesu Christi votum nostrum sit acceptum cum pace

POBAL: Deo Gratias.

Imíonn an slua, fágfar Nóra, Marcus agus a Bhean ar stáitse

MARCUS: An suífidh tú síos liom tamaill a Nóra, ba mhaith liom labhairt leat. A Nóra a chroí, tá mé chomh bródúil asat, tá fhios a'd é sin

NÓRA: Tá's a'm

MARCUS: Agus an bhfuil fhios a'd gur tú an cailín is gleoite sna seacht bparóistí is giorra dhúinn?

NÓRA: Má deir tú liom é.

MARCUS: Is tú. Níl stop ar bith leis na fir a bhíonn a fiosrú scéala mar gheall ort. Ní féidir liom dhul ar an aonach anois gan duine eicint bheith a cur do thuairisc.

NORA: Is nach shin béasa.

MARCUS: Sea béasa ach tá i bhfad níos mó ná sin i gceist. Tá siad á d'iarraidh, an dtuigeann tú?

NÓRA: Tuigim

MARCUS: Ná bí a cheapadh gur amhlaidh a bheas cúrsaí thall, dhuit.

NORA: Níl fhios a'm an amhlaidh a bheas nó nach bea.

MARCUS: An bhfeiceann tú, níl fhios a'd tada faoin áit. Breathnaigh, cailín bocht as iarthar na hÉireann agus diabhail mórán Béarla ina pluic aici. Beidh tú in áit na leathphingne

NORA: Shíl mé go raibh mé saibhir

MARCUS: Agus tá. Tá tú. Le hais daoine eile thart anseo tá muid go maith as, cinnte. Agus beidh tú níos fearr as fós ach an fear ceart a aimsiú dhuit.

Breathnaíonn sí air. Athraíonn sé taic.

Cén aithne a bheadh ort thall? Cén meas?

NÓRA: Níl fhios a'm ach tá fhios a'm go mbeadh deiseannaí ann dhom a Dheaid. Tá saibhreas thall nach bhfaca éinne anseo.

MARCUS: ní fhaca do dheirfiúr é, má tá.

NÓRA: Cá bhfios duit? B'fhéidir go bhfuil sí á coinneáil ar fad aici féin?

BEAN MHARCUIS: Ná bí a caint faoi do dheirfiúr mar sin

NÓRA: Tá brón orm.

MARCUS: Tá sé ceart go leor ach nach dtuigeann tú a Nóra, tá chuile dheis agus chuile sheans anseo dhuit anois agus an bheirt amadán eile sin imithe. níl mac feilméara -

NÓRA: - An mbeidh tú a glaoch amadán ormsa freisin agus mé imithe?

MARCUS: Amadán agus dearg óinseach a bheas ionat má imíonn tú.

NÓRA: Ní hea

MARCUS: Sea

NÓRA: Ní hea a deirim

MARCUS: M'anam go bea mar gurb é an rud is seafóidí dár chuala mé riamh agus ní amháin go bhfuil fhios agamsa é ach tá fhios ag chuile dhuine eile freisin é.

BEAN MHARCUIS: A Mharcu –

MARCUS: Céard? Céar tá mé ceapaithe a rá, hea? Cripes, níl ceannaí siopa ná mac feilméara i bhfoisceacht...

NÓRA: Mac feilméara ná ceannaí siopa. Cé méad uair eile a chaithfeas mé é a chloisteáil? Tá mé iarraidh dhul go Sasana agus sin sin agus b'fhearr liom go mór fada imeacht agus bhur mbeannacht seachas bhur mallacht orm ach níl ceachtar agaibh a dhul ag athrú m'intinnse. Ní ligfidh mé dhaoibh é a dhéanamh, agus tá brón orm (*í beagnach a' caoineadh. Imíonn sí*)

BEAN MHARCUIS: Caithfidh tú bealach eicint eile a thriail léi

MARCUS: Bealach eicint eile? Cé méid bealach atá triáilte go dtí seo a'ainn. Tá sí chomh ceandána le muc

BEAN MHARCUIS: Meas tú cá bhfuair sí é sin?

Cloistear clog an tséipéil. Athraíonn siad áite. An chliar isteach.

SAGART: Dominus vobiscum

POBAL: Et cum spiritu tuo.

Ar a nglúine arís.

POBAL: Omnia srlos íseal agus an chuid seo á rá ag an sagart...

SAGART: Le smaoineamh, le briathar, le gníomh, le failí.

D1: Deirtear gur chuir sí spéis rómhór i mac Sheáin Mhaitiú

SAGART: Ach níl deireadh leis ansin, níl, níl ann ach an tús. Tá mionn éithigh ann, tá adhaltranas ann, tá fianaise bréagach a thabhairt, tá sacraileid,

D2: É siúd a bhí sa gcoláiste mór i nGlaschú?

D3: An fear céanna

SAGART: tá marú ann, tá goid, tá craos ann agus súdáireacht.

D4: Ná creid é, droch bhuachaill a bhí ann.

D1: Abair é

SAGART: Drúis agus saint!

POBAL: Áiméan!

SAGART: Guímís

Imíonn gach éinne seachas an triúr, ag siosarnach na bpaidreacha nó go bhfuil ciúnas arís ann. Ansin:

MARCUS: ...tabhair dúinn, achnaímíd ort, do ghrásta, ionas ag machnamh dúinn ar mhistéirí seo na Corónach Mhuire, go dtiocfadh linn do thoil naofa a dhéanamh agus an t-aoibhneas síoraí sin a shroichint, trí losa Críost ár dTiarna.

M, M+N: In ainm an Athair, an mhic agus an spioraid naomh, áiméan.

Ciúnas. Tosaíonn Nóra ag cabhrú go deas ciúin timpeall an tí. Tá siad go léir tugtha ó bheith a troid ach níl a port athraithe ag Nóra.

BEAN MHARCUIS: Céard a dhéanfainn do do uireasa?

NÓRA: Bheadh tú togha a Mham.

Sos

Nach raibh a ndóthain agaibh blianta ó shin chun Cáit an cailín aimsire a fhostú is m'anam go bhfuil sibh níos fearr as fós ó shin.

BEAN MHARCUIS: Ní ceist airgid é agus is maith atá fhios a'd é.

NORA: Tá fhios

BEAN MHARCUIS: Níl fágthaí a'ainn ach thú fhéin a Nóra.

NÓRA: Tá fhios a'm

BEAN MHARCUIS: Tá faitíos orm go dtarlóidh rud eicint má imíonn tú... Nach bhfeiceann tú a shuaite is atá sé fhéin le mí anuas.

NORA: Feicim.

BEAN MHARCUIS: Ná himigh uainn.

NÓRA: Scríobhfaidh mé chuile sheachtain agaibh, geallaim dhaoibh é.

BEAN MHARCUIS: Níl mé in ann cur suas leis níos mó.

MARCUS: Nóra!

Filleann Nóra an tuáille ina lámh go mall. Tá sé an deacair uirthi guaim a choinneáil uirthi féin.

NORA: Bhí beirt mhac a'd a Dheaid. Agus d'imigh siad uait. Náirigh an bheirt acu thú. Níl fhios a'd nach ndéanfainn an cleas céanna muna ligfidh tú dhom imeacht go toilteanach.

Sos. Téann sí isteach ina 'seomra', í fos le feiceáil.

Sos

BEAN MHARCUIS: Is í an duine deireanach acu í a Mharcuis. Agus nDomhnach féin is dona liom scarúint léi i ndeireadh mo shaoil ach b'fhéidir gurb é lár a leasa é.

MARCUS: Ní hé.

Téann sé chun dul amach. Stopann ag an doras. Breathnaíonn sé ar a bhean ansin. Téann sé anonn chomh fada le 'doras' seomra Nóra. Breathnaíonn sé isteach uirthi.

MARCUS: Fanfaidh tú le do dheirfiúr thall i Learpholl nach bhfanfaidh?

Sos fada.

NÓRA: Fanfaidh.

Téann sé amach. Tagann Nóra chomh fada leis an doras chun breathnú ar a máthair. Ba mhaith léi barróg a thabhairt di ach tá siad beirt ró ghoiliúnach ag an bpointe seo. Téann a máthair anonn chomh fada leis 'an tine'. Soilse ag ísliú. Amach léi. Baineann Nóra a háprún di féin.